**Leasú 143**
**Bogdan Rzońca, Izabela-Helena Kloc**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**Christian Ehler, José Manuel Fernandes**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ba cheart Treoir 2003/87/CE[54] a leasú chun maoiniú breise a cheadú le clúdach airgeadais EUR 5 bhilliún don tréimhse 2024-2027. Leis an gCiste don Nuálaíocht, tacaítear le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha, ar raon feidhme é sin atá le cumhdach ag STEP. Dá bhrí sin, leis an méadú ar mhéid an Chiste don Nuálaíocht, ba cheart a bheith in ann maoiniú a sholáthar lena bhfreagrófar don chuspóir maidir le tacú le teicneolaíochtaí ***glana*** criticiúla a fhorbairt nó a mhonarú san Aontas. I gcomhréir leis na cuspóirí maidir le comhtháthú a áirithiú agus an Margadh Aonair a chur chun cinn, agus chun tacú leis an aistriú glas agus le forbairt teicneolaíochtaí ***glana*** ar fud an Aontais, ba cheart an t-imchlúdach airgeadais breise a chur ar fáil trí ghlaonna ar thograí a bheidh oscailte d'eintitis ó Bhallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 an Aontais arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017. | (12) Ba cheart Treoir 2003/87/CE[54] a leasú chun maoiniú breise a cheadú le clúdach airgeadais EUR 5 bhilliún don tréimhse 2024-2027 ***a bheidh le soláthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais***. Leis an gCiste don Nuálaíocht, tacaítear le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha, ar raon feidhme é sin atá le cumhdach ag STEP. Dá bhrí sin, leis an méadú ar mhéid an Chiste don Nuálaíocht, ba cheart a bheith in ann maoiniú a sholáthar lena bhfreagrófar don chuspóir maidir le tacú le teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** criticiúla a fhorbairt nó a mhonarú san Aontas. I gcomhréir leis na cuspóirí chun comhtháthú ***eacnamaíoch, sóisialta agus críochach*** a áirithiú agus an Margadh Aonair a chur chun cinn, agus chun tacú leis an aistriú glas agus le forbairt teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** ar fud an Aontais, ba cheart an t-imchlúdach airgeadais breise a chur ar fáil trí ghlaonna ar thograí***, inar cheart 75 % den imchlúdach a bheith*** oscailte ***go dtí an 31 Nollaig 2025*** d'eintitis ó Bhallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 an Aontais arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017 ***agus 25 % d'eintitis ó na Ballstáit uile***. ***Ba cheart cúnamh teicniúil do Bhallstáit a bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta acu*** |


Aontaithe san éagsúlacht

|  | ***dá bhforáiltear san athbhreithniú is déanaí ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a choinneáil ar bun le linn na nglaonna sin ar thograí.*** |
|---|---|
| __________________<br>[54] Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). | __________________<br>[54] Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá an togra bunaithe ar chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag coiste ENVI (cóimheas 75/25) agus ar théacs ITRE/BUDG.*

**Leasú 144**
**Bogdan Rzońca, Izabela-Helena Kloc**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**Christian Ehler, José Manuel Fernandes**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dteannta na lamháltas dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an cúigiú fomhír den mhír seo, cuirfear chun feidhme freisin leis an gCiste don Nuálaíocht imchlúdach airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar fiú EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha é, chun tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP ***dá dtagraítear in*** Airteagal ***2***, pointe (a)***(ii)*** de Rialachán .../...[63] [***Rialachán STEP***]. Ní chuirfear an t-imchlúdach airgeadais sin ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí ach amháin i mBallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017 | De bhreis ar na lamháltais dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an cúigiú fomhír den mhír seo, leis an gCiste Nuálaíochta, cuirfear chun feidhme freisin imchlúdach airgeadais EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027 chun tacú le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóir STEP ***maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasacha mar a shainmhínítear in [***Airteagal ***3,*** pointe (a)***]*** de Rialachán ***(AE)*** .../.. ***[an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta]***. ***Go dtí an 31 Nollaig 2025,*** cuirfear ***75% den*** imchlúdach airgeadais sin ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí i mBallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais agus iontu sin amháin, don tréimhse 2015-2017 ***agus 25 % sna Ballstáit uile.***<br><br>***Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, cuirfear cistí an imchlúdaigh airgeadais nár úsáideadh ar fáil chun tacú leis na hinfheistíochtaí sin sna Ballstáit uile.*** |
| [63] Rialachán …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle … [cuir isteach teideal | [63] Rialachán …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle … [cuir isteach teideal |

iomlán agus tagairt IO].

iomlán agus tagairt IO].

Or. en

*Réasúnú*

*Tá an togra bunaithe ar chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag coiste ENVI (cóimheas 75/25) agus ar théacs ITRE/BUDG.*